AN FHOGHLAIM GAOLMHAR LEIS AN TREOIR
- AN CHÉAD BHLIAIN

ncge
Lárionad Náisiúnta *um* Threoir *san* Oideachas
National Centre *for* Guidance *in* Education
www.ncge.ie

careers portal.ie
www.careersportal.ie

# MO CHONAIRÍ FÉIN

## PLEAN DON CHEACHT



# MO CHONAIRÍ FÉIN - FORBHREATHNÚ

TEIDEAL ON CHEACHTA:
**MO CHONAIRÍ FÉIN**

## AIDHMEANNA

Sa cheacht seo, déanfar:

- Scrúdú ar na céimeanna san Oideachas in Éirinn
- Machnamh ar dhóchas agus ar mhianta na ndaltaí don chéim seo dá dturas oideachasúil - an Iar-Bhunscoil.

## TORTHAÍ

Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh na daltaí in ann:

- Na céimeanna éagsúla den chóras oideachais in Éirinn a aithint.
- Scríobh litir dó féin, sa todhchaí, faoin dóchas agus faoi na mianta atá acu don chéim seo dá dturas oideachais.

## NAISC LE SCILEANNA LÁRNACHA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

- An Chumarsáid (scileanna éisteachta agus conas tú féin a chur in iúl, an plé agus an díospóireacht, úsáid teanga).
- An Fhéinbhainistíocht (Eolas a bheith agat fút féin, cinntí breithnithe a dhéanamh, teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun tú féin agus do chuid foghlama a bhainistiú).
- Ag coinneáil slán (a bheith sláintiúil, a bheith sóisialta, a bheith sábháilte, a bheith freagrach).
- A bheith cruthaitheach (roghanna agus bealaí malartacha eile a scrúdú, smaointe a chur i bhfeidhm agus bearta a dhéanamh).
- Ag obair i gcomhar le daoine eile (ag foghlaim le daoine eile, ag tabhairt urraim don éagsúlacht, an dea-chaidreamh a fhorbairt, an comhoibriú).
- Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú (faisnéis a bhailiú agus a thaifeadadh, a bheith fiosrach, an smaointeoireacht chriticiúil, an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun eolas a rochtain, a bhainistiú agus a roinnt).

## NAISC LE RÁITIS FOGHLAMA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Sa cheacht seo déanfaidh na daltaí

- Gníomhú chun a fholláine, agus a shláinte féin, agus folláine agus sláinte daoine eile, a chosaint agus a chur chun cinn.
- Smaoineamh a thabhairt ón gcoincheap ar aghaidh le bheith curtha i gcrích.

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO CHONAIRÍ FÉIN - FORBHREATHNÚ

## NAISC LEIS AN TREOIR SCOILE UILE

**Forbairt a Dhéanamh Orm Féin**

Sa cheacht seo déanfaidh na daltaí

- An féinmheas agus féintuiscint dearfach a fhorbairt agus a chothabháil.
- Idirghníomhú éifeachtach le daoine eile.
- Forbairt & fás ar feadh an tsaoil.
- Beidh na daltaí in ann a gcáilíochtaí pearsanta, a meoin agus a láidreachtaí, a spéiseanna agus an tionchar a imríonn siad ar an iompar a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu.
- Beidh na daltaí in ann scileanna sóisialta éifeachtacha a léiriú agus iad ag comhoibriú, ag obair i gcomhar le chéile agus ag idirbheartaíocht lena bpiaraí agus leis na múinteoirí.
- Beidh na daltaí in ann páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí agus tascanna chun an fhorbairt mhothúchánach, shóisialta, chognaíoch agus choirp a fheabhsú.
- Cúnamh a iarraidh, nuair is gá.

**Mo Chonair Ghairme a Fhorbairt:**

Sa cheacht seo déanfaidh na daltaí

- Scrúdú ar na riachtanais oideachais le haghaidh staidéir bhreise agus spéiseanna gairme.
- Na cáilíochtaí agus na dearcaí pearsanta a aithint atá riachtanach don saol oibre.
- Tuiscint a fháil ar an bpróiseas cinnteoireachta um ghairme agus ar an tábhacht a bhaineann leis go ndéantar cinntí eolasacha.
- Déan cur síos ar an gcaoi ar féidir le dearcaí agus leis an spreagadh dul i bhfeidhm ar an bpleanáil gairme agus ar an gcinnteoireacht.

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO CHONAIRÍ FÉIN - PLEAN DON CHEACHT

PLEAN DON CHEACHT:
**MO CHONAIRÍ FÉIN**

## ÁBHAIR A THEASTAÍONN DON CHEACHT SEO

### AN MÚINTEOIR

- PowerPoint
- Bileoga Oibre

### BY STUDENTS

- Bileoga oibre (ar líne nó i gcóip chrua)

## AIDHMEANNA

Sa cheacht seo, déanfar:

- Scrúdú ar na céimeanna san Oideachas in Éirinn
- Machnamh ar dhóchas agus ar mhianta na ndaltaí don chéim seo dá n-aistear oideachasúil - an Iar-Bhunscoil.

## OUTCOMES

Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh na daltaí in ann:

- Na céimeanna éagsúla den chóras oideachais in Éirinn a aithint.
- Scríobh litir dó féin, sa todhchaí, faoin dóchas agus faoi na mianta atá acu don chéim seo dá dturas oideachais.

## 'AN DUÁN' A SHEOLADH

Iarr ar na daltaí "Cén fáth a bhfuil sibh san iar-bhunscoil inniu?" Seans go dtabharfaidh na daltaí cuid de na freagraí ag seo a leanas

**a.** Tagann chéad bhliain díreach i ndiaidh rang a sé.

**b.** Ní raibh cead agam fanacht sa leaba ar maidin inniu.

**c.** Táim ró-óg le bheith ag obair chun airgead a thabhairt isteach.

**d.** Eile.

Iarr ar chúpla daltaí sa rang atá sásta na cúiseanna atá acu féin le bheith san iar-bhunscoil a roinnt leis an rang. Scríobh na freagraí sin síos ar an gclár. Beidh freagraí éagsúla ann, mar shampla: post níos fearr a fháil i ndiaidh na hard-scoile; chun dul isteach sa choláiste; chun rudaí nua a fhoghlaim.

Ansin inis do na daltaí cad iad Aidhmeanna an ranga, atá bunaithe ar choincheap "Conairí".

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO CHONAIRÍ FÉIN - PLEAN DON CHEACHT

## ÁBHAR AN CHEACHTA

| BEARTA DON MHÚINTEOIR | BEARTA DO NA DALTAÍ |
|---|---|
| Cuireann an múinteoir an choincheap atá taobh thiar le 'Conairí' in iúl do na daltaí.<br>Fiafraíonn an múinteoir de na daltaí " Cad a tharlaíonn tar éis an scoil iar-bhunscoile?"<br>Tugann an múinteoir soiléireacht maidir leis na conairí atá ar fáil dóibh tar éis dóibh an scoil a fhágáil, agus ina measc an obair, an t-ardoideachas agus an breisoideachas.<br>Plé oscailte leis an rang ar fad ar 'Chonairí'. | Tugann na daltaí moltaí leis ansin, chun freagra a thabhairt. |
| Leagann an múinteoir béim ar a dtarlaíonn sa Scoil Iar-bhunscoile, agus aird tugtha aige ar roinnt ábhar tábhachtach sa Scoil Iar-bhunscoile (riachtanais don choláiste). | |
| An Scoil Iar-Bhunscoile, Tá Sí Tábhachtach. Iarrann an múinteoir ar na daltaí litir a scríobh chucu féin, sa todhchaí. Déanfaidh an múinteoir an litir seo a choimeád suas go dtí go bhfuil na daltaí críochnaithe sa scoil. Beidh áthas an domhain ar na daltaí a fheiceáil cé chomh suntasach is atá an fhorbairt a bheidh déanta aige le linn na conaire nuair a osclaítear í sa Séú Bliain. | Iarrtar ar na daltaí litir a scríobh chucu féin, sa todhchaí. Sa litir seo caithfidh siad smaoineamh ar na cuspóirí a bheidh acu amach anseo agus roinnt mhaith machnamh a dhéanamh leis ar an gconair atá glactha acu go dtí seo.<br>Sa litir seo, déanfaidh na daltaí:<br>1. Scríobh faoin saol atá acu i láthair na huaire - cé hiad na daoine atá ina dteaghlach - cad iad na caithimh aimsire atá acu? Cad iad na rudaí atá tábhachtach dóibh - cad é an t-ábhar is fearr leo - cé hiad na daoine a bhfuil meas acu orthu?<br>2. Scríobh faoin gcéad mhí dóibh a bheith ar Scoil - is é sin le rá na hábhair a thaithíonn leo, na cairde nua ar bhuail siad leo, srl.<br>3. Scríobh faoi na mianta agus faoin dóchas atá acu don tréimhse sé bliana atá amach rompu (ábhar a bhfuil siad ag tnúth le staidéar a dhéanamh air, spórt ar mhaith leo a bheith páirteach ann / uirlis cheoil ar mhaith leo a sheinm nó club gur mhaith leo dul isteach ann).<br>4. Scríobh faoi na mianta agus faoin dóchas atá acu don todhchaí (nuair atá an scoil críochnaithe acu)<br>5. Chun críoch a chur leis, is féidir leo comhairle a leasa a thabhairt dóibhsean féin. |

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO CHONAIRÍ FÉIN - PLEAN DON CHEACHT

## AN CEACHT DEIRIDH

Meabhraíonn an múinteoir do na daltaí na conairí go léir atá ar fáil dóibh tar éis an Scoil Iar-Bhunscoile a fhágáil. Meabhraíonn an múinteoir dóibh gur céim thábhachtach agus spraíúil dóibh ar a gconaire trí chúrsa an tsaoil. Faoi dheireadh, déanann an múinteoir aidhmeanna an cheachta a athscrúdú.

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
National Centre for Guidance in Education
www.ncge.ie
www.careersportal.ie

# MO CHONAIRÍ FÉIN

## AN IAR-BHUNSCOIL AGUS INA DIAIDH . . .



# TÁ TÚ AR AISTEAR



## AGUS IS CUID THÁBHACHTACH DEN TURAS SIN Í AN SCOIL IAR-BHUNSCOILE!



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# AIDHMEANNA

Sa cheacht seo déanfaidh tú:

- Conairí: Fáil amach faoi na céimeanna san Oideachas in Éirinn
- Machnamh ar an dóchas agus ar na mianta atá agat don chéim seo de do thuras oideachasúil - an Iar-Bhunscoil.



# TORTHAÍ

Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh tú in ann:

- Na céimeanna éagsúla den chóras oideachais in Éirinn a aithint.
- Scríobh litir duit féin, sa todhchaí, faoin dóchas agus faoi na mianta atá agat don chéim seo de do thuras oideachais.





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# CHUN TEACHT ISTEACH AR CHÚRSAÍ: CÉN FÁTH GO BHFUIL MÉ ANSEO

Fáilte , gach duine! Sula dtosaímid inniu,
Tá ceist an-tábhachtach agam daoibh go léir:
**Cén fáth a bhfuil sibh san iar-bhunscoil inniu?**

| a. | b. | c. | d. |
|---|---|---|---|
| Tagann chéad bhliain díreach i ndiaidh rang a sé. | Ní raibh cead agam fanacht sa leaba ar maidin inniu. | Táim ró-óg le bheith ag obair | Eile. |



Cuir do lámh suas in airde más rud é gur fhreagair tú a… b… nó c.
Agus cé a roghnaigh d, cúis eile?



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO CHONAIRÍ FÉIN





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020


# CAD A THARLAÍONN I NDIAIDH AN SCOIL IAR-BHUNSCOILE





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

## MO CHONAIRÍ FÉIN






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# PLÉ






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

## MO CHONAIRÍ FÉIN

**Tá deireadh tagtha leis an mBunscoil** ✔

**Féachaimis ar cad leis is féidir a bheith ag súil sa scoil iar-bhunscoile**






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# CAD LEIS IS FÉIDIR A BHEITH AG SÚIL

**AN SÉÚ BLIAIN:** Sa Séú Bliain, déanfaidh mé an Scrúdú Ardteistiméireachta. Roghnóidh mé an chéad chonair eile dom féin.

**AN CÚIGIÚ BLIAIN:** Sa Chúigiú Bliain tosóidh mé cuid de na Tionscadail Ardteistiméireachta a bheidh le déanamh agam. Tosóidh mé ag dul chuig laethanta oscailte sna coláistí éagsúla agus ag fáil amach tuilleadh faisnéise faoi ghairmeacha ar leith.

**AN IDIRBHLIAIN:** San Idirbhliain, bainfidh mé triail as ábhair nua agus bainfidh mé triail as taithí oibre. Déanfaidh mé na hábhair a bheidh á ndéanamh agam san Ardteist a roghnú freisin.

**AN TRÍÚ BLIAIN:** Sa Tríú Bliain, beidh mé ag déanamh na Tionscadail agus na measúnuithe le haghaidh na Sraithe Sóisearaí.

**AN DARA BHLIAIN:** Sa Dara Bliain, beidh mé ag déanamh roinnt Measúnuithe sa Seomra Ranga i.e. tionscadail thábhachtacha.



**AN CHÉAD BHLIAIN:** Sa Chéad Bhliain, beidh mé ag socrú isteach sa scoil nua.



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# ANOIS, BAIN TRIAIL AS TÚ FÉIN...

**Scríobh litir chugat féin**

**Osclóidh tú an litir seo sa séú bliain**

Sa litir seo:

1. Scríobh fú féin, faoi mar atá tú i láthair na huaire - cé atá i do theaghlach - cad iad do chaithimh aimsire, cad iad na rudaí atá tábhachtach duit - cad iad na rudaí is fearr leat - cé air a bhfuil meas agat?
2. Scríobh faoin chéad mhí duit a bheith sa scoil - i.e. na hábhair a thaithíonn leat, na cairde nua ar bhuail tú leo, srl.
3. Scríobh faoi na mianta agus faoin dóchas atá agat don tréimhse sé bliana atá amach romhainn (ábhar a bhfuil tú ag tnúth le staidéar a dhéanamh air, spórt ar mhaith leat a bheith páirteach ann / uirlis cheoil ar mhaith leat a sheinm nó club gur mhaith leat dul isteach ann).
4. Scríobh faoi na mianta agus faoin dóchas atá agat don todhchaí (tar éis na scoile).
5. Ag deireadh, tabhair roinnt comhairle duit féin leis!





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO CHONAIRÍ FÉIN

**Scríobh litir chugat féin**

**Osclóidh tú an litir seo sa séú bliain**

Sa litir seo:


1. Scríobh fút féin, mar atá tú i láthair na huaire - cé atá i do theaghlach - cad iad do chaithimh aimsire, cad iad na rudaí atá tábhachtach duit - cad iad na rudaí is fearr leat - cé air a bhfuil meas agat?

2. Scríobh faoin chéad mhí duit a bheith sa Scoil - i.e. na hábhair a thaithíonn leat, na cairde nua ar bhuail tú leo, srl.

3. Scríobh faoi na mianta agus faoin dóchas atá agat don tréimhse sé bliana atá amach romhainn (ábhar a bhfuil tú ag tnúth le staidéar a dhéanamh air, spórt ar mhaith leat a bheith páirteach ann / uirlis cheoil ar mhaith leat a sheinm nó club gur mhaith leat dul isteach ann)

4. Scríobh faoi na mianta agus faoin dóchas atá agat don todhchaí (tar éis na scoile)

5. Ag deireadh, tabhair roinnt comhairle duit féin leis!





## LITIR CHUGAM FÉIN

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

## LITIR CHUGAM FÉIN

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020